Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Meitheamh 2024**
**(OR. en)**

**10824/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0011(COD)**

**TRANS 288**
**MAR 94**
**CODEC 1458**
**IA 138**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 6008/24 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2005/44/CE maidir le seirbhísí faisnéise tráchta abhann (RIS) comhchuibhithe ar uiscebhealaí intíre sa Chomhphobal<br>– Cur chuige ginearálta |

# I. RÉAMHRÁ

1. An 31 Eanáir 2024, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

2. Is éard atá sa togra modhnú ar Threoir 2005/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le seirbhísí faisnéise tráchta abhann (RIS) comhchuibhithe ar uiscebhealaí intíre sa Chomhphobal[1].

[1] IO L 255, 30.9.2005, lch. 152.

3. Le Treoir 2005/44/CE leagtar creat síos um imlonnú agus úsáid seirbhísí faisnéise tráchta abhann oscailte, idir-inoibritheacha agus comhchuibhithe[1] a bhfuil sé d’aidhm aige méadú a dhéanamh ar shábháilteacht agus éifeachtúlacht an iompair uiscebhealaí intíre san Aontas, agus ar neamhdhíobhálacht an iompair sin don chomhshaol. Leagtar amach inti na ceanglais ghinearálta maidir leis an gcaoi ar cheart do na Ballstáit seirbhísí faisnéise tráchta abhann a bhunú, na réimsí inar gá caighdeáin a fhorbairt agus na prionsabail atá le leanúint.

4. Rinne an Coimisiún meastóireacht *ex post* [2]ar an Treoir in 2021. Tháinig sé ar an gconclúid go bhfuil imlonnú na seirbhísí faisnéise tráchta abhann mall agus ilroinnte i gcónaí, rud a chuireann bac ar iomaíochas agus sábháilteacht na hearnála, agus a choinníonn siar a rannchuidiú le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip.

5. Tá sé d’aidhm ag an athbhreithniú ar an Treoir aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a sainaithníodh. Tá trí phríomhchuspóir aige:

   – infhaighteacht sonraí seirbhísí faisnéise tráchta abhann agus caighdeán comhchuibhithe a áirithiú;

   – comhtháthú an iompair uiscebhealaí intíre sa slabhra ilmhódhach a éascú;

   – glacadh agus idir-inoibritheacht níos mó i leith réitigh dhigiteacha a áirithiú, agus aghaidh a thabhairt ar údair imní ó thaobh na cosanta sonraí de.

6. Ghlac an Coimisiún an togra i gcomhthéacs a Chláir um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála (REFIT). Tá an togra bunaithe ar thorthaí measúnaithe tionchair[3] a raibh staidéar tacaíochta seachtrach mar bhonn leis.

---

1 Is éard atá i seirbhísí faisnéise tráchta abhann (RIS) ardseirbhísí agus ardfheidhmiúlachtaí lena dtagraítear go príomha do ghnéithe den loingseoireacht intíre a bhaineann le trácht nó le hiompar. Is seirbhísí a bhaineann le trácht iad Seirbhís Faisnéise Seolbhealaí, Faisnéis Tráchta, Bainistíocht Tráchta, agus Faireachán Tráchta agus Laghdú Timpistí; seirbhísí a bhaineann le hiompar pleanáil turas, bainistíocht calafort agus críochfort, bainistíocht lasta agus flíteanna, staidreamh, agus muirir bhonneagair uiscebhealaí intíre.

2 SWD(2021)0050 final.

3 6008/24 ADD 4 + ADD 5

## II. SCRÚDÚ ARNA DHÉANAMH AG NA HINSTITIÚIDÍ EILE

7. An 17 Aibreán 2024, cheap Coiste Pharlaimint na hEorpa um Iompar agus um Thurasóireacht (TRAN) Tom Berendsen (EPP, an Ísiltír) mar rapóirtéir.

8. An 24 Aibreán 2024, ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim maidir leis an togra[1]. An 9 Feabhra 2024, chinn Coiste Eorpach na Réigiún gan aon tuairim a thabhairt uaidh.

## III. STAID NA HIMEARTHA SA CHOMHAIRLE

9. Phléigh an Mheitheal um Loingseoireacht an togra ag sé cinn de chruinnithe éagsúla, ó mhí Feabhra 2024 i leith. Chuir na toscaireachtaí uile in iúl go dtacaíonn siad i gcoitinne le cuspóirí an togra ón gCoimisiún, d'fhonn sábháilteacht agus éifeachtúlacht an iompair uiscebhealaí intíre chomh maith lena neamhdhíobhálacht don chomhshaol a fheabhsú. Scrúdaigh an Mheitheal an togra go mion agus phléigh sí roinnt tograí comhréitigh a chuir an Uachtaránacht ar aghaidh.

10. Ag an gcruinniú a bhí aige an 5 Meitheamh, dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe go dtacaíonn sé leis an gcomhréiteach is déanaí agus mhol sé don Chomhairle teacht ar chur chuige ginearálta ag an gcruinniú a bheidh ag an gComhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh (Iompar) an 18 Meitheamh 2024.

11. Rinneadh roinnt athruithe ar an togra ón gCoimisiún. Is é is aidhm do go leor de na hathruithe sin soiléireacht a áirithiú maidir le próiseáil sonraí pearsanta agus comhleanúnachas teicniúil. Rinneadh athruithe eile substainte freisin, mar atá leagtha amach sa mhéid seo a leanas:

12. Mhol an Coimisiún raon feidhme na Treorach a leathnú chuig na huiscebhealaí intíre uile atá mar chuid den ghréasán tras-Eorpach iompair TEN-T. Dá bhrí sin, bheadh feidhm ag an treoir maidir le roinnt Ballstát nár chuir seirbhísí faisnéise tráchta abhann chun feidhme go dtí seo, toisc nach bhfuil siad nasctha go díreach le huiscebhealaí intíre i mBallstáit eile. Ina gcás féin, is oibríochtaí náisiúnta go bunúsach iad oibríochtaí na n-uiscebhealaí intíre agus níl aon eilimint trasteorann ag baint leo. Chuir na Ballstáit sin a n-amhras in iúl faoin mbreisluach a bhaineann le seirbhísí faisnéise tráchta abhann a chur chun feidhme; de réir a measúnaithe siúd, thiocfadh costais agus ualaí riaracháin suntasacha as sin, gan aon tairbhe don mhargadh inmheánach ná d'fheidhmiú foriomlán an chórais iompair. Is minic a chumhdaítear oibríochtaí na n-uiscebhealaí intíre le córais mhuirí sna tíortha sin cheana féin. Thairis sin,

[1] 10350/24

ba cheart a thabhairt faoi deara nár cuireadh san áireamh sa mheasúnú tionchair a rinne an Coimisiún iarmhairtí airgeadais agus riaracháin an leathnaithe raon feidhme sin.

13. Ar na cúiseanna sin, rinneadh athbhreithniú ar fhoclaíocht Airteagal 2: bheadh feidhm fós ag an treoir maidir le huiscebhealaí intíre agus calafoirt intíre atá mar chuid den ghréasán tras-Eorpach iompair agus atá *nasctha go díreach* le huiscebhealaí intíre agus calafoirt intíre Ballstáit eile (agus atá mar chuid de Ghréasán tras-Eorpach iompair freisin). Níl aon athrú ar an bhforáil atá ann cheana in Airteagal 2(2) lena gceadaítear do na Ballstáit an treoir a chur i bhfeidhm ar bhonn deonach maidir le huiscebhealaí intíre atá lasmuigh dá raon feidhme.

14. Scriosadh an nasc díreach idir seirbhísí faisnéise tráchta abhann agus córais TF de mhodhanna eile, mar shampla, an Timpeallacht Eorpach Ionaid Ilfhreastail Mhuirí agus faisnéis leictreonach faoi iompar lastais sa téacs arna iarraidh sin do roinnt Ballstát agus soiléiríodh in aithris é.

15. Mheas formhór na mBallstát go raibh an sásra um láimhseáil gearán a mhol an Coimisiún (Airteagal 8a) ró-shaintreorach. Tá sásraí den sórt sin ann cheana ar an leibhéal náisiúnta agus chuir go leor toscaireachtaí in iúl go raibh imní orthu faoin ualach méadaithe riaracháin a thiocfadh as an bhforáil sin; mheas roinnt Ballstát fiú go sárófaí, leis an téacs atá beartaithe, cur i bhfeidhm phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta. Dá bhrí sin, scriosadh an tAirteagal.

16. Níor thacaigh na Ballstáit leis an togra ón gCoimisiún le go bhféadfaí Iarscríbhinn I a thabhairt cothrom le dáta trí ghníomh tarmligthe. Leagtar amach san Iarscríbhinn seo liosta na sonraí ábhartha nach mór a sholáthar d’úsáideoirí seirbhísí faisnéise tráchta abhann, agus d’fhéadfadh iarmhairtí suntasacha airgeadais a bheith ag aon athrú ar an liosta sin. Ar an dara dul síos, níl údar maith le leis an nós imeachta simplithe sin a éileamh, ós rud é nach raibh aon ghá an liosta sin a thabhairt cothrom le dáta sna 19 mbliana ó glacadh an treoir tosaigh.

17. Ar deireadh, chuirfí síneadh leis an sprioc le haghaidh trasuí, a mhol an Coimisiún (bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí), go 3 bliana.

18. Bhí measúnú tionchair ag gabháil leis an togra[1]. Rinneadh an measúnú tionchair sin a chur i láthair agus a chíoradh ag cruinniú den mheitheal. Bhain na barúlacha a tugadh le himpleachtaí an leathnaithe atá beartaithe ar raon feidhme na treorach den chuid is mó.

19. Ag an gcéim seo sa nós imeachta, coimeádann an Coimisiún forchoimeádas nós imeachta maidir le gach leasú ar a thogra.

## IV. GNÍOMHAÍOCHT ARNA HIARRAIDH AR AN GCOMHAIRLE

20. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar an gComhairle teacht *ar chur chuige ginearálta* maidir leis an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2005/44/CE maidir le seirbhísí faisnéise tráchta abhann (RIS) comhchuibhithe ar uiscebhealaí intíre sa Chomhphobal, bunaithe ar an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

---

[1] 6008/24 ADD 4 + ADD 5.

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

2024/0011 (COD)

Togra le haghaidh

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Treoir 2005/44/CE maidir le seirbhísí faisnéise tráchta abhann (RIS) comhchuibhithe ar uiscebhealaí intíre sa Chomhphobal**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Treoir 2005/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle,[2] bunaítear creat um imlonnú agus úsáid seirbhísí faisnéise tráchta abhann ('RIS') comhchuibhithe san Aontas. Le himlonnú seirbhísí faisnéise tráchta abhann ar uiscebhealaí intíre, tacaítear le sábháilteacht agus éifeachtúlacht an iompair d'uiscebhealaí intíre, agus ar deireadh, le hinbhuanaitheacht an iompair sin, trí mhéadú a dhéanamh ar éifeachtúlacht na n-oibríochtaí uiscebhealaí intíre.

---

1 IO C , , lch. .

2 Treoir 2005/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le seirbhísí faisnéise tráchta abhann (RIS) comhchuibhithe ar uiscebhealaí intíre sa Chomhphobal (IO L 255, 30.9.2005, lch. 152, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2005/44/oj).

(2) Ó tháinig Treoir 2005/44/CE i bhfeidhm, thairbhigh earnáil na n-uiscebhealaí intíre de sholáthar seirbhísí faisnéise tráchta abhann comhchuibhithe. Mar sin féin, tá éagsúlacht idir na Ballstáit maidir le leibhéal an chomhchuibhithe, agus cruthaíodh gurbh fhadálach é an próiseas chun na sonraíochtaí ba ghá a thabhairt isteach. An tráth céanna, leis an gComhaontú Glas don Eoraip[3] éilítear forbairt bhreise ar shoghluaisteacht ilmhódach nasctha agus uathoibrithe, agus ba cheart seirbhísí faisnéise tráchta abhann a oiriúnú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin nua sin. Thairis sin, leis an Straitéis Chuimsitheach um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste[4] beartaítear athbhreithniú a dhéanamh ar Threoir 2005/44/CE, i measc bhearta na Straitéise, chun an cuspóir a bhaint amach go gcuirfear chun cinn cruthú córais iompair a bheidh cliste i ndáiríre, mar aon le leithdháileadh éifeachtúil acmhainne agus bainistíocht tráchta. Léirítear le plean gníomhaíochta NAIADES III[5], chun tacú leis an gcuspóir go mbeidh uiscebhealaí intíre ina gcuid de chóras rianúil de sheirbhísí faisnéise tráchta abhann comhchuibhithe faoi 2030, go mbeadh sé d’aidhm ag athbhreithnithe ar an gcreat dlíthiúil um na seirbhísí sin cuidiú le bearnaí atá ann cheana le modhanna iompair eile, ó thaobh an chomhchuibhithe agus na hidir-inoibritheachta de, a dhúnadh, agus rannchuidiú le feabhas a chur ar infhaighteacht sonraí, athúsáid agus idir-inoibritheacht na gcóras digiteach, i gcomhréir leis an Straitéis Eorpach maidir le Sonraí[6]. Ba cheart na hathruithe agus na forbairtí sin chomh maith leis an taithí a fuarthas trí chur chun feidhme Threoir 2005/44/CE a chur san áireamh agus seirbhísí faisnéise tráchta abhann á n-oiriúnú.

(3) Ar mhaithe le cur chuige comhleanúnach a ghlacadh i leith na hidir-inoibritheachta in earnáil na seirbhíse poiblí, nuair a bheidh an Timpeallacht Eorpach um Sheirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann agus réitigh eile i raon feidhme an ghnímh seo á gcur chun feidhme, ba cheart na prionsabail a leagtar síos leis an gCreat Eorpach Idir-inoibritheachta (EIF)[7] is déanaí a leanúint, ar creat é arna sainordú le hAirteagal 6 den togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos bearta maidir le hardleibhéal idir-inoibritheachta san earnáil phoiblí ar fud an Aontais (an Gníomh um Eoraip Idir-inoibritheach)[8].

---

3 COM/2019/640 final.
4 COM/2020/789 final.
5 COM/2021/324 final.
6 COM/2020/66 final.
7 COM/2017/134 final.
8 COM/2022/720 final.

(4) Le Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013[9] leagtar síos ceanglais maidir leis an ngréasán tras-Eorpach iompair ('TEN-T')[10] a fhorbairt chun feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh a bhaint amach, agus tá sé d'aidhm ag an Rialachán a áirithiú go mbeidh na seirbhísí ardcháilíochta céanna ar fáil agus comhoiriúnach le córais na modhanna iompair eile ar feadh an ghréasáin sin.

(5) Ós rud é gur turais idirnáisiúnta iad formhór na dturas a dhéanann soithí intíre, ba cheart seirbhísí faisnéise tráchta abhann a dhíriú ar na huiscebhealaí intíre sin ar cuid de TEN-T iad agus atá nasctha go díreach le huiscebhealaí intíre Ballstáit eile ar cuid de TEN-T iad, agus, dá bhrí sin, atá thar a bheith tábhachtach don Aontas. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann leanúint de na ceanglais maidir le seirbhísí faisnéise tráchta abhann a leathnú, ar bhonn deonach, chun codanna dá ngréasán uiscebhealaí intíre a chuimsiú cé is moite de na huiscebhealaí sin a áirítear in TEN-T chun sainiúlachtaí náisiúnta a chur san áireamh. Ba cheart do cheachtar den dá Bhallstát lena mbaineann a bheith in ann seirbhísí faisnéise tráchta abhann a sholáthar i gcomhthéacs trasteorann. Oibreoidh údaráis inniúla na mBallstát i gcomhar le chéile chun na seirbhísí faisnéise tráchta abhann sin a sholáthar ar uiscebhealaí intíre trasteorann.

(5a) Mar gheall ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, níl comhar idir an tAontas agus an Rúis i réimse na seirbhísí faisnéise tráchta abhann iomchuí ná chun leas an Aontais. Mar thoradh air sin, níl comhar trasteorann maidir le seirbhísí faisnéise tráchta abhann leis an Rúis ina thosaíocht a thuilleadh ar chríoch na mBallstát.

---

**9** Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 661/2010/AE (IO L 348, 20.12.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1315/oj).

**10** Beartas an Aontais maidir leis an ngréasán tras-Eorpach iompair, beartas TEN-T, is príomhuirlis é chun bonneagar iompair ardcháilíochta, ilmhódach, éifeachtúil agus comhleanúnach a fhorbairt ar fud an Aontais. Cuimsítear sa ghréasán iarnróid, uiscebhealaí intíre, bealaí loingseoireachta gearrthurais agus bóithre lena nasctar nóid uirbeacha, calafoirt mhuirí agus intíre, aerfoirt agus críochfoirt.

(6) Léirigh an taithí a fuarthas ó chur i bhfeidhm Threoir 2005/44/CE go bhfuil sé tábhachtach na sonraíochtaí teicniúla a láidriú, arb iad na sonraíochtaí teicniúla sin a bhaineann le sonraí faoi loingseoireacht agus pleanáil turas a sholáthar, chun feabhas a chur ar cháilíocht agus tráthúlacht na faisnéise a sholáthraítear d'úsáideoirí seirbhísí faisnéise tráchta abhann. Sa Chóras Eorpach um Bainistiú Sonraí Tagartha ('CEBST') tá sonraí tagartha agus liostaí cód a bhfuil gá leo ar mhaithe le feidhmiú cuí na seirbhísí faisnéise tráchta abhann agus is é an Coimisiún a chuir an córas ar bun agus a oibríonn é. D'fhéadfaí CEBST a aistriú chuig tríú páirtí amach anseo.

(7) Le faisnéis chruinn atá cothrom le dáta maidir leis an mbail atá ar an seolbhealach agus ar phointí sonracha, amhail droichid, loic agus calafoirt intíre, a bheith ar fáil d'úsáideoirí seirbhísí faisnéise tráchta abhann le linn na loingseoireachta, ba cheart feabhas a chur ar éifeachtúlacht fhoriomlán na hearnála uiscebhealaí intíre. Dá bhrí sin ba cheart a chuimsiú le seirbhísí faisnéise tráchta abhann malartuithe sonraí, a bheidh cothrom le dáta, le córais bainistíochta leath-uathoibrithe agus lán-uathoibrithe um chórais bhonneagair amhail loic agus droichid inaistrithe, mar aon le córais pobail calafoirt na gcalafort intíre.

(8) Chun go mbeifear in ann idirnascadh a dhéanamh idir seirbhísí faisnéise tráchta abhann agus an slabhra lóistíochta, tá sé tábhachtach go gcomhroinnfear faisnéis, ní hamháin idir úsáideoirí an iompair uiscebhealaí intíre (e.g. trí chórais pobail calafoirt um chalafoirt intíre agus córais chliste um bonneagar uiscebhealaí intíre), ach le córais agus feidhmchláir le haghaidh modhanna iompair eile freisin. Leis na hIonaid Ilfhreastail Mhuirí Náisiúnta laistigh den timpeallacht Eorpach Ionaid Ilfhreastail Mhuirí[11] ba cheart an tuairisciú comhchuibhithe long a chumasú san iompar muirí ar fud an Aontais. Le malartú na faisnéise a bhaineann le trácht, amhail amanna teachta agus imeachta, d'áiritheofaí idir-inoibritheacht, ilmhódacht, agus comhtháthú rianúil an iompair uiscebhealaí intíre leis an slabhra lóistíochta foriomlán. Ba cheart an fhaisnéis leictreonach faoi iompar lastais a bheith mar bhunús le malartú na faisnéise lasta maidir le dramhaíl agus earraí contúirteacha idir úsáideoirí seirbhísí faisnéise tráchta abhann nuair is gá. Nuair is gá, ba cheart do sheirbhísí faisnéise tráchta abhann naisc a éascú le córais digiteacha agus le hardáin modhanna iompair eile agus faisnéis a mhalartú leo.

---

**11** Rialachán (AE) 2019/1239 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear timpeallacht Eorpach Ionaid Ilfhreastail Mhuirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/65/AE (IO L 198, 25.7.2019, lch. 64, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1239/oj).

(9) Malartú na faisnéise idir soithí uiscebhealaí intíre agus calafoirt intíre, maidir le hinfhaighteacht suiteálacha calafoirt, amanna oibriúcháin, nó faisnéis faoi shoithí agus lasta, mar shampla, ní i gcónaí a bhíonn an malartú sin chomh maith agus a d'fhéadfadh sé a bheith, rud ag a bhfuil tionchar ar éifeachtúlacht na n-oibríochtaí iompair uiscebhealaí intíre. Baineann tábhacht ar leith le faisnéis faoi infhaighteacht bonneagair breosla mhalartaigh i gcalafoirt i dtaca le feidhmíocht chomhshaoil na hearnála a chur chun cinn. Chun malartú na faisnéise sin a shimpliú agus a chuíchóiriú agus chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht fhoriomlán na hearnála, tá sé tábhachtach go mbeidh na malartuithe sin ina gcuid de sheirbhísí faisnéise tráchta abhann agus go bhforbrófar na sonraíochtaí teicniúla is gá.

(10) Le hardán digiteach aonair a úsáid le haghaidh seirbhísí faisnéise tráchta abhann, ba cheart soláthar na seirbhísí sin a chuíchóiriú, feabhas a chur ar an éifeachtúlacht in oibríochtaí an iompair uiscebhealaí intíre agus laghdú a dhéanamh ar an ualach le haghaidh soláthraithe agus úsáideoirí seirbhísí faisnéise tráchta abhann. Leis an ardán sin ('an Timpeallacht Eorpach um Sheirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann') ba cheart tacú le seirbhísí ábhartha, ba cheart an t-ardán féin a bheith ina phointe lárnach chun faisnéis seirbhísí faisnéise tráchta abhann a mhalartú laistigh den earnáil uiscebhealaí intíre agus le modhanna iompair eile chomh maith, agus dá bhrí sin, is é, thar aon rud eile, ba cheart a bheith ina chnámh droma dhigiteach ó thaobh na seirbhísí sin a sholáthar san Aontas. Ba cheart do na Ballstáit údarás inniúil amháin nó níos mó a ainmniú a bheidh freagrach as an Timpeallacht Eorpach um Sheirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann a oibriú. Rialtóirí atá sna húdaráis sin chun an Timpeallacht Eorpach um Sheirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann a oibriú.

(11) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Timpeallacht Eorpach um Sheirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann a thabhairt isteach, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun an creat a leagan síos maidir leis an ardán a fhorbairt agus a fheidhmiú. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.[12]

(11a) Tá sé ábhartha go ndéanfaí comhar le tríú tíortha, go háirithe tíortha comharsanachta chun nasc agus idir-inoibritheacht a áirithiú idir Timpeallacht Eorpach um Sheirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann agus seirbhísí faisnéise tráchta abhann náisiúnta na dtríú tíortha sin.

---

[12] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj).

(11b) Ba cheart do na Ballstáit, más iomchuí i gcomhar leis an Aontas, máistrí báid, oibreoirí, gníomhairí nó úinéirí soithí a sheolann ar a n-uiscebhealaí intíre agus seoltóirí nó úinéirí earraí arna n-iompar ar bord na soithí sin, a spreagadh chun leas iomlán a bhaint as na seirbhísí a chuirtear ar fáil faoin Treoir seo.

(12) Moltar do na Ballstáit nós imeachta éifeachtach a chur ar bun chun gearáin a láimhseáil. Moltar d'údaráis na mBallstát dul i gcomhar le chéile agus gearáin á láimhseáil a bhfuil eilimintí trasteorann leo (mar shampla, caighdeáin neamhréireacha maidir le faisnéis soithí a thuairisciú), toisc go mbíonn turais idirnáisiúnta i gceist i 75 % d'oibríochtaí ar uiscebhealaí intíre. Aon láimhseáil gearán a dhéantar faoin treoir seo, ba cheart í a bheith gan dochar d'inniúlacht na n-údarás maoirseachta faoi dhlíthe an Aontais agus na mBallstát, lena n-áirítear Rialachán (AE) 2016/679[13] agus Rialachán (AE) 2018/1725[14].

(13) Ba cheart forbairt na sonraíochtaí teicniúla tacar prionsabal a leanúint (go háirithe, na prionsabail a chuimsítear in Iarscríbhinn II) chun cur chun feidhme ceart comhchuibhithe fhorálacha Threoir 2005/44/CE a áirithiú. Leis na prionsabail sin ba cheart na príomheilimintí a leagan amach ba cheart a bheith i ngach comhpháirt de sheirbhísí faisnéise tráchta abhann.

(14) Leis na ceanglais agus sonraíochtaí teicniúla chun críoch seirbhísí faisnéise tráchta abhann, ba cheart a áirithiú go háirithe gur féidir sonraí um sheirbhísí faisnéise tráchta abhann, ar sonraí pearsanta iad de réir Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a phróiseáil i gcomhréir le córas cuimsitheach cearta-bhunaithe um rialú rochtana a sholáthraíonn feidhmiúlachtaí sannta, agus i gcomhréir le córas den sórt sin amháin, a áirithiú gur féidir rochtain láithreach a bheith ag na húdaráis inniúla uile ar na sonraí sin i gcomhréir lena n-inniúlachtaí rialála féin, go gcuirfear bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí chun feidhme chun a áirithiú gur féidir próiseáil na sonraí pearsanta trí mheán leictreonach a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[15] agus Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa

---

[13] IO L 119, 4.5.2016, lch. 1.
[14] IO L 295, 21.11.2018, lch. 39.
[15] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

agus ón gComhairle[16], lena n-áirítear chun cosaint a thabhairt ar sháruithe i ndáil le sonraí pearsanta agus gur féidir próiseáil na faisnéise tráchtála íogaire a dhéanamh ar bhealach lena n-urramaítear rúndacht na faisnéise sin.

(15) Chun an loingseoireacht shábháilte agus is fearr a áirithiú i leith soithí in uiscebhealaí intíre, ba cheart do na Ballstáit a bheith ar an eolas faoi shuíomh na soithí uiscebhealaí intíre uile lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as sonraí ó chórais aitheantais uathoibríoch. Ba cheart do na Ballstáit faisnéis a bhaineann le seirbhísí faisnéise tráchta abhann a mhalartú freisin chun éifeachtúlacht na seirbhísí sin a mhéadú agus na ceanglais maidir le tuairisciú a laghdú. I gcás ina bhfuil, chun na gcríoch sin, próiseáil sonraí pearsanta i gceist le tarchur agus malartú faisnéise a bhaineann le seirbhísí faisnéise tráchta abhann, mar shampla próiseáil ainmneacha nó próiseáil sonraí suímh nuair is féidir duine a shainaithint leis, go díreach nó go hindíreach, ba cheart do na Ballstáit dlíthiúlacht phróiseáil na sonraí pearsanta sin a áirithiú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 agus Treoir 2002/58/CE nuair is infheidhme.

(16) […]

(17) I gcás ina dtabharfar údar cuí leis le hanailís iomchuí agus in éagmais caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha agus cothrom le dáta chun sábháilteacht na loingseoireachta a áirithiú, nó i gcás inarb amhlaidh mar gheall ar athruithe ar phróiseas cinnteoireachta an Choiste Eorpaigh um ullmhú caighdeán i réimse na loingseoireachta intíre (CESNI) nó mar gheall ar thoradh an phróisis cinnteoireachta sin go ndéanfaí dochar do leasanna an Aontais, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith leasú a dhéanamh ar Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2005/44/CE chun sonraíochtaí teicniúla iomchuí a sholáthar le haghaidh maidir le seirbhísí faisnéise tráchta abhann, i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2005/44/CE agus an aidhm ann leasanna an Aontais a choimirciú.

---

**16** Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

(18) Léiríonn an taithí a fuarthas ó chur chun feidhme Threoir 2005/44/CE gurbh fhadálach an tréimhse chun na sonraíochtaí teicniúla a thabhairt isteach agus a thabhairt cothrom le dáta, fadálacht ag a raibh tionchar ar fheidhmíocht na hearnála. Dá bhrí sin tá sé tábhachtach athrú a dhéanamh ar an bpróiseas lena dtugtar sonraíochtaí teicniúla isteach.

(19) Tugadh próiseas den sórt sin isteach le Treoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[17] bunaithe ar shonraíochtaí teicniúla a d'fhorbair CESNI. Gníomhaíonn CESNI[18] faoi choimirce an Lárchoimisiúin um Loingseoireacht ar an Réin ('LCLR'), tá sé oscailte do shaineolaithe ó na Ballstáit uile, agus tá sé freagrach as na caighdeáin theicniúla a tharraingt suas i réimse an iompair uiscebhealaí intíre. Léirigh taithí go bhfuil ceanglais theicniúla maidir le soithí loingseoireachta intíre forbartha agus tugtha cothrom le dáta ag CESNI ar bhealach eagraithe agus tráthúil. Agus saineolas CESNI á chur san áireamh, mar aon leis an taithí ó chur chun feidhme Threoir (AE) 2016/1629, ba cheart cur chuige comhchosúil a chur i bhfeidhm i gcás Threoir 2005/44/CE.

(20) Chun ardleibhéal sábháilteachta agus éifeachtúlachta sa loingseoireacht intíre a áirithiú, chun a áirithiú go soláthrófar seirbhísí faisnéise tráchta abhann agus chun dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil agus forbairtí eile san earnáil a chur san áireamh, na cheart an tagairt do na sonraíochtaí teicniúla is infheidhme maidir le seirbhísí faisnéise tráchta abhann, is é sin an Caighdeán Eorpach maidir le Seirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann (ES-RIS), ar choinníoll go mbeidh sí i gcomhréir le prionsabail Iarscríbhinn II, ba cheart an tagairt sin a bheith ina dlúthchuid de Threoir 2005/44/CE, ach gan bheith ina cuid fhíor-riachtanach, agus ba cheart í a choimeád cothrom le dáta. Dá bhrí sin, ba cheart a tharmligean chuig an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh lena leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2005/44/CE d'fhonn an tagairt don leagan is déanaí de chaighdeán ES-RIS a thabhairt cothrom le dáta agus d'fhonn dáta chur i bhfeidhm an Chaighdeáin a leagan síos.

---

17 Treoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 lena leagtar síos ceanglais theicniúla le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre, lena leasaítear Treoir 2009/100/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/87/CE (IO L 252, 16.9.2016, lch. 118, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2016/1629/oj).

18 Bunaíodh CESNI faoi rún 2015-i-3 ón Lárchoimisiún um Loingseoireacht ar an Réin.

(21) Agus gníomhartha tarmligthe á nglacadh, tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[19]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile an tráth céanna leis na saineolaithe, agus bíonn rochtain chórasach ag a saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(22) An Coiste um dheimhnithe máistrí báid chun earraí agus paisinéirí a iompar d'uiscebhealach intíre dá dtagraítear in Airteagal 11 de Threoir 2005/44/CE, cuireadh deireadh leis. Ina áit, tá feidhm ábhartha ag an gCoiste um Iompar ar Uiscebhealaí Intíre, ag a bhfuil saineolas ar chaighdeáin agus sonraíochtaí teicniúla san earnáil uiscebhealaí intíre, chun cúnamh a thabhairt don Choimisiún de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[20] i leith seirbhísí faisnéise tráchta abhann. Thairis sin, leis an Treoir seo tugtar leasuithe isteach ar Airteagal 5 agus Airteagal 12 de Threoir 2005/44/CE a bhaineann leis an nós imeachta coiste is gá a léiriú in airteagal nuashonraithe. Dá bhrí sin ba cheart Airteagal 11 de Threoir 2005/44/CE a leasú chun na hathruithe sin a léiriú.

(23) Chun críocha na rialála níos fearr agus an tsimpliúcháin, ba cheart é a bheith indéanta tagairt a dhéanamh i dTreoir 2005/44/CE do chaighdeáin idirnáisiúnta gan macasamhla díobh a chruthú i gcreat dlíthiúil an Aontais.

(24) Tá seirbhísí faisnéise tráchta abhann bunaithe san Aontas ó bhí 2005 ann agus tá taithí nach beag cruinnithe ag na Ballstáit ar na seirbhísí sin a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Thairis sin, na sonraíochtaí teicniúla is gá le haghaidh fheidhmiú na seirbhísí faisnéise tráchta abhann, áirítear iad in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2005/44/CE. Maidir leis sin, ba cheart Airteagal 12(2) de Threoir 2005/44/CE a scriosadh. Ina theannta sin, trí leasú a dhéanamh ar raon feidhme Threoir 2005/44/CE chun díriú ar TEN-T, is infheidhme an

[19] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2016/512/oj.
[20] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj).

ceanglas chun seirbhísí faisnéise tráchta abhann a chur chun feidhme ar na huiscebhealaí is tábhachtaí, rud lena gcruthófar gréasán iompair iontaofa. Dá réir sin, ba cheart Airteagal 12(3) de Threoir 2005/44/CE a scriosadh.

(25) I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, is gá agus is iomchuí go leagfar síos rialacha maidir le seirbhísí faisnéise tráchta abhann a bhunú, a oibriú agus maidir lena sonraíochtaí teicniúla, chun an bunchuspóir a ghnóthú go mbunófar creat um sholáthar seirbhísí faisnéise tráchta abhann san Aontas. Ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí arna saothrú a ghnóthú i gcomhréir le hAirteagal 5(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

(26) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus thug sé tuairim an 20 Márta 2024[21].

(27) Dá bhrí sin, ba cheart Treoir 2005/44/CE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

[21] IO C […], […], lch. […].

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Threoir 2005/44/CE**

Leasaítear Treoir 2005/44/CE mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

*'Airteagal 1*

**Ábhar**

1. Leis an Treoir seo bunaítear creat le haghaidh imlonnú agus úsáid seirbhísí faisnéise tráchta abhann comhchuibhithe san Aontas chun tacú leis an iompar uiscebhealaí intíre d'fhonn sábháilteacht, éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht an iompair sin a fheabhsú agus comhéadain le modhanna iompair eile a éascú.

2. Leis an Treoir seo bunaítear creat le haghaidh ceanglais theicniúla, sonraíochtaí teicniúla agus coinníollacha teicniúla a bhunú agus a fhorbairt a thuilleadh chun seirbhísí faisnéise tráchta abhann inrochtana, comhchuibhithe agus idir-inoibritheacha a áirithiú ar uiscebhealaí intíre an Aontais agus chun comhéadain chaighdeánaithe le seirbhísí bainistíochta tráchta módaigh eile a éascú.';

(2) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Tá feidhm ag an Treoir seo maidir le cur chun feidhme agus oibriú na seirbhísí faisnéise tráchta abhann ar uiscebhealaí intíre agus ar chalafoirt intíre uile na mBallstát atá mar chuid den ghréasán tras-Eorpach iompair, mar a shonraítear agus a liostaítear in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[22] agus atá nasctha go díreach le huiscebhealaí intíre agus calafoirt intíre Ballstáit eile atá mar chuid den ghréasán tras-Eorpach iompair, mar a shonraítear agus a liostaítear in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.';

[22] Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 661/2010/AE (IO L 348, 20.12.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1315/oj).

(3) In Airteagal 3, cuirtear na pointí seo a leanas isteach:

‘(ha) ciallaíonn ‘gréasán tras-Eorpach iompair’ (TEN-T) uiscebhealaí intíre mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 1315/2013;

(hb) […];

(hc) […];

(hd) […];

(he) Ciallaíonn ‘Córas Eorpach um Bainistiú Sonraí Tagartha’ (CEBST) stóras (leabharlann) atá ina phointe rochtana aonair le haghaidh sonraí tagartha agus liostaí cód a bhaineann feidhmchláir TF úsáid astu san iompar uiscebhealaí intíre. Ní áirítear ann na sonraí líonra i gcomhréir le hIarscríbhinn I agus Iarscríbhinn III arna soláthar ag an mBallstát;

(hf) ciallaíonn ‘Córas Pobail Calafoirt’ ardán leictreonach chun faisnéis a mhalartú idir páirtithe leasmhara poiblí agus príobháideacha chun próisis rianúla calafoirt agus lóistíochta a áirithiú;

(hg) ciallaíonn ‘córas bonneagair uiscebhealaí intíre cliste’ ardán leictreonach a thacaíonn le bainistíocht leath-uathoibrithe agus lán-uathoibrithe bhonneagar an iompair uiscebhealaí intíre i loic agus droichid inaistrithe in TEN-T, arna oibriú ag údaráis phoiblí um bainistiú uiscebhealaí;

(hh) ciallaíonn ‘Timpeallacht Eorpach um Sheirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann’ ardán leictreonach atá ina phointe rochtana aonair arb í faisnéis náisiúnta na seirbhísí faisnéise tráchta abhann is foinse dó d’úsáideoirí seirbhísí faisnéise tráchta abhann agus a sholáthraíonn naisc chuig tuairisciú leictreonach de réir ‘prionsabal na haonuaire’;

(hi) ciallaíonn ‘calafoirt intíre’ calafort uiscebhealaigh intíre de chroíghréasán TEN-T nó de ghréasán cuimsitheach TEN-T, mar a dhéantar a liostú agus a chatagóiriú in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013.’;